



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Samhain 2019
(OR. de, en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0138(COD)

14401/19
ADD 1

TRANS 548
CODEC 1665

TUARASCÁIL

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	13984/19
Uimh. an doic. ón gCoim.:	9075/18
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a chur i gcrích – Cur chuige ginearálta

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ó thoscaireacht na Gearmáine maidir leis an ábhar thuasluaite, atá le cur isteach i miontuairiscí chruinniú na Comhairle (Iompar, Teileacumarsáid agus Fuinneamh) a bhí ar siúl ar an 2 Nollaig 2019.

Ráiteas ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine

le haghaidh mhiontuairiscí an chruinnithe inar gcinneadh ar Chur Chuige Ginearálta a ghlacadh sa Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh i ndáil le togra le haghaidh Rialachán maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a chur i gcrích

Déanann an Ghearmáin talamh slán de nach bhfuil d'aidhm ag na forálacha nós imeachta brostaithe a chuimsítear sa togra atá ann faoi láthair ach cúrsa agus eagrú foirmiúil na nósanna imeachta riaracháin ábhartha a rialáil, agus nach dochar iad do na critéir shubstainteacha atá le cur i bhfeidhm agus cinneadh údarúcháin á dhéanamh, critéir a eascraíonn as ceanglais an dlí substaintigh.

Is é a dhéanann an Ghearmáin talamh slán de go háirithe, nach gceanglófar leis an teorainn ceithre bliana le nósanna imeachta um deonú ceada, a leagtar amach in Airteagal 6(1) den dréachtchur chuige ginearálta, i gcomhthéacs thrasú na Treorach sa dlí náisiúnta nó chur i bhfeidhm an dlí náisiúnta i gcomhréir leis an Treoir sin, aon teorannú le raon feidhme an mheasúnaithe maidir le ceanglais cosanta comhshaoil ná aon laghdú ar na critéir lena ndéanfar measúnú den sórt sin agus cinneadh údarúcháin á dhéanamh, agus nach bhféadfaidh iad a úsáid, freisin, chun bonn cirt a thabhairt d'aon teorannú ná d'aon laghdú mar sin.